



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007


STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(NÁ cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

FOINSÍ

1. PICTIÚIR

PICTIÚR A.




Foinse: Bórd Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

PICTIÚR B.



Foinse: www.imagesonline.bl.uk/britishlibrary/

PICTIÚR C.



NÁ CREID BOLSCAIREACHT AN NAMHAD

- IN AGHAIDH ÁR RIALTAIS
- IN AGHAIDH ÁR gCOMHGHUAILLITHE
- IN AGHAIDH CAITLICEACH, IÚDACH.
AGUS PROTASTÚNACH

Cuimhnigh go bhfuil Hitler agus na Seapánaigh ag iaraidh sinn a chur ag achraann i gcoinne a chéile.

SEAN-SAIGHDIÚIRÍ COGAÍ EACHTRACHA A RAIBH NA STÁIT
AONTAITHE PÁIRTEACH IONTU.

Foinse: www.corbis.com

2. DOICIMÉID

DOICIMÉAD 1.

Dearcadh Spáinneach ar na hÉireannaigh a tógadh as litir a scríobh an Captaen Francisco de Cuellar ar tharla longbhriseadh dó in Éirinn i 1588.

Maireann na daoine fiáine seo mar ainmhithe sna sléibhte, agus tá cuid de na sléibhte céanna an-chreagach sa chuid sin d'Éirinn inar tharla an longbhriseadh dùinn. Cónaíonn siad i mbotháin cheann tuí agus is fir mhóra iad go léir, iad dathúil agus dea-chumtha agus iad chomh mear leis an bhfia rua. Ní itheann siad ach uair amháin sa lá agus caithfidh sé seo a bheith istoíche agus is é an gnáth-bhéile a bhíonn acu ná arán coirce agus im. Ólann siad bainne géar mar níl aon deoch eile acu. Agus ní ólann siad uisce bíodh is nach bhfuil a shárú le fáil ar domhan.

Tugann na daoine seo Críostaithe orthu féin: deirtear an t-Aifreann ina measc agus cloíonn siad le rialacha na hEaglaise Rómhánaí. Tá na Sasanaigh tar éis beagnach gach séipéal, mainistir agus díthreabh a bhí acu a leagan go talamh.

Tá na daoine fiáine seo cairdiúil linne Spáinnigh, mar go dtuigeann siad go bhfuilimid ag ionsaí na n-eiriceach (na Sasanaigh), na naimhde is mó atá acu. Bhí deichniúr den dream againne a tháinig slán i bhfochair an taoisigh Éireannaigh cheana féin; bhíodar sin tar éis snámh i dtír. Nuair a chonaic sé mise gan snáithe éadaigh orm agus gan ach tuí mar bhalcais orm, bhí trua aige dom, agus a chuid ban fiú bhíodar ag gol nuair a chonaic siad chomh dona agus a caitheadh liom. Ghléas siad mé chomh maith agus a d'fhéadfaidís le cineál plaincéid a chaitheann said, agus thugas trí mhí ina measc agus ba ghearr go rabhas chomh mór i mo dhuine fiáin leis na daoine fiáine iad féin.

DOICIMÉAD 2.

Sliocht is ea é seo as cuntas ó bhéal a thug Martin Walton ar an bpáirt a ghlac sé in imeachtaí Éirí Amach na Cásca, 1916.

Chuaigh mé isteach sna hÓglaigh díreach trí seachtaine roimh an éirí amach. Ní rabhas ach cúig bliana déag d'aois ag an am, cé go rabhas sé throigh ar airde agus shíl siad sin go raibh aoiis fir sroichte agam. Is dóigh liom gur fhreastail mé ar dhá chruinniú agus taispeánadh dom conas raidhfil a láimhseáil agus rinneamar píosa amháin druileála páirce. Is cuimhin liom Tomás Mac Donncha ag tógáil ár n-ainmneacha ar eagla go ndéanfaí sinn a lámhach, ionas go ndéanfaí cúram dár ngaolta.

Bhí a fhios againn go léir go raibh rud éigin mór le tarlú ar an Domhnach, ach amháin nach raibh a fhios againn cad é. Fuair mé amach ina dhiaidh sin gurbh é an jab a bhí le déanamh againne ná beairic Shráid na Long a ghabháil- sin é an bheairic taobh thiar den Chaisleán- ach ar ndóigh de bharr imeachtaí stairiúla atá ar eolas ag gach éinneanois, cuireadh ar ceal é. Ansin cuireadh slógadh orainn don mhaidin ina dhiaidh sin, ach chaill mé é sin, mar ní raibh ionamsa ach duine a bhí déanach ag dul isteach sna hÓglaigh. Creidim gur ghlaigh an Captaen Colbert go dtí an teach an mhaidin sin le teachtaireacht go raibh orm dul go dtí a leithéid seo d'áit, ach ní bhfuaireas riamh é.

An plean a bhí agam ná dul isteach go dtí an chathair Dé Máirt, trí ligean orm féin go rabhas ag dul ag obair, ach fuaireas amach go raibh mo thuismitheoirí tar éis na comhlaí a thógáil amach as mo rothar mar nár theastaigh uathu go mbeinn páirteach. Ach dúras leo go gcaillfinn mo phost mura rachainn ag obair, agus d'éirigh liom ansin dul fad le Sráid Uí Chonaill. D'fhéadfainn creachadóirí a fheiceáil agus siopaí á bhfolmhú acu agus roinnt capall marbh ann a lámhachadh faoi na Lansaithe nuair a rinneadar iarracht Ard Oifig an Phoist a ghabháil ar an Luan. Bhí tram béal faoi ann chomh maith. Radharc de léirsíos forleathan ba ea é.